COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2020

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2020 REPORT

Réamhrá

Cúlra

Bunaíodh an Coiste Comhairleach don Ghaeilge i mhí Aibreáin 2019 mar thionscnamh de chuid Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge an BAI. Is trí obair an Choiste, den chuid is mó, a chuirtear bearta an Phlean Ghníomhaíochta don Ghaeilge i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn a chuirfidh leis an méid Gaeilge a bheidh ar an raidió agus ar an teilifís araon. Tacóidh na tionscnaimh sin leis na cúig Phríomhsprioc den Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge a bhaint amach. Tá BAI agus Foras na Gaeilge ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste. Ar na baill tá ionaidaithe ó RTÉ, TG4, CRAOL, IBI, SPI agus Oireachtas na Gaeilge.

Tuairisciú

Gabhann an Coiste air féin tuairisc achomair i scríbhinn a chur faoi bhráid Údarás an BAI agus Bord Fhoras na Gaeilge ar bhonn bliantúil.

Cruinnithe

Socraíodh cruinnithe ar bhonn ráithiúil do 2020, agus beartaíodh ionaid chruinnithe a mhalartú idir oifigí BAI agus Foras na Gaeilge. Mar gheall ar thús COVID-19 agus an dianghlasáil ina dhiaidh sin, cuireadh an chéad chruinniú ar an 25 Márta ar ceal. Reáchtáladh an chuid eile de na cruinnithe ar líne, agus chuaigh siad ar aghaidh ar na dátaí seo a leanas:

- 24 Meitheamh 2020
- 16 Meán Fómhair 2020
- 9 Nollaig 2020

Introduction

Background

The Irish Language Advisory Committee was established in April 2019 as an initiative of the BAI Irish Language Action Plan. It is through the work of the Committee, for the most part, that the objectives of the Irish Language Action Plan are implemented. The aim of the Committee is to develop and promote initiatives that will help increase the levels of Irish available to audiences on both radio and television. These initiatives support the achievement of the five Key Objectives of the Irish Language Action Plan. The committee is co-chaired by the BAI and Foras na Gaeilge. Membership also includes representatives from RTÉ, TG4, CRAOL, IBI, SPI and Oireachtas na Gaeilge.

Reporting

The Committee commits to report to the BAI Authority and to the Board of Foras na Gaeilge in the form of a summary written report on a once-yearly basis.

Meetings

Meetings were scheduled on a quarterly basis for 2020, and it was planned for meeting venues to alternate between the offices of BAI and Foras na Gaeilge. Due to the onset of COVID-19 and the subsequent lockdown, the first meeting of 25 March was cancelled. Remaining meetings were conducted online, and took place on the following dates:

- 24 June 2020
- 16 September 2020
- 9 December 2020

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2020

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2020 REPORT

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí 2020

Socraíodh ar na tionscnaimh / réimsí fócais seo a leanas a fhorbairt le linn 2020:

- Iniúchadh leanúnach ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís hibrideach raidió don aos óg a chur ar bun.
- Forbairt bhreise ar acmhainní tacaíochta do chraoltóirí.
- Deiseanna comhoibrithe idir chraoltóirí agus comhroinnt acmhainní.

1. Iniúchadh leanúnach ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís hibrideach* raidió don aos óg a chur ar bun:

Ceann de na gníomhaíochtaí ar dhírigh an Coiste Comhairleach don Ghaeilge air dul chun cinn a dhéanamh maidir le bunú/ceadúnú stáisiún raidió Gaeilge don aos óg. Cuireadh an Coiste ar an eolas faoi chainteanna tosaigh maidir le comhroinnt acmhainní a bhí ar siúl roimhe seo ag grúpa forbartha ar a raibh ionadaithe ó RTÉ (2FM, Raidió na Gaeltachta), TG4 agus Conradh na Gaeilge. I mí an Mheithimh 2020, tugadh cuireadh d'ionadaithe an ghrúpa forbartha freastal ar chruinniú Coiste d'fhonn na baill a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn an ghrúpa go dtí seo, agus chun díospóireacht a thosú maidir le conas a d'oibreodh próiseas ceadúnaithe do sheirbhís den sórt sin agus cén saghas daoine / grúpaí eile ba cheart a bheith san áireamh d'fhonn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn. Bhí plé úsáideach ann, agus léirigh an Coiste tacaíocht don tionscadal agus bhí fonn ar na baill cúrsaí a chur ar aghaidh. Chuige seo, bunaíodh Foghrúpa Coiste, atá á thiomáint ag Niamh Ní Churnáin ó RTÉ agus ina bhfuil ionadaíocht ó Raidió na Life, Raidió Rí-Rá, 2FM, Raidió na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge.. Bhuail an foghrúpa le chéile roinnt uaireanta d'fhonn ábhair mar chomhpháirtíocht, féidearthachtaí maidir le comhroinnt acmhainní, riachtanais mhaoinithe, agus ardán oiriúnach don

Summary of Activities 2020

The following initiatives/areas of focus were targeted for ongoing development during 2020:

- Ongoing exploration of the potential for a youth-driven hybrid service for radio.
- Further development of support resources for broadcasters.
- Cooperation opportunities and resource-sharing for broadcasters.

1. Ongoing exploration of the potential for a youth-driven hybrid* service for radio:

One of the targeted activities of the Irish Language Advisory Committee has been to progress developments relating to the proposed introduction/licensing of an Irish language youth radio station. The Committee was briefed on initial talks around resource-sharing that were held in the past by a development group made up of representatives from RTÉ (2FM, Raidió na Gaeltachta), TG4 and Conradh na Gaeilge. In June 2020, representatives of the development group were invited to attend a Committee meeting in order to update members on the group's progress to date, and to open up a discussion as to how a licensing process might operate for such a service and what other persons/groups might be involved in order to advance such a project. A useful discussion took place, and the Committee expressed its support for the project and a desire to move matters forward. To this end, a Committee sub-group has been established, which is being driven by Niamh Ní Churnáin of RTÉ and includes representatives from Raidió na Life, Raidió Rí-Rá, 2FM, Raidió na Gaeltachta and Conradh na Gaeilge. The sub-group has met a number of times in order to discuss matters such as partnership involvement, potential for resource-sharing, funding requirements, and a suitable platform for

tseirbhís óige atá beartaithe a phlé. Is réamhriachtanas mór é maoiniú chun stáisiún don aos óg a bhunú; rinne páirtithe eile meastacháin de thart ar € 1m, agus baineann sé seo leis an gcostas 2RN chun seirbhís FM a bhunú (costais tarchuradóra, srl.), bheadh sé seo ar an gcostas is mó a bheadh i gceist. Bheadh aon trealamh, ceadúnú, agus costais reatha laethúla sa bhreis air seo, agus faoi láthair níl sé soiléir cárbh as a dtiocfadh an maoiniú sin. Ina theannta sin, thug an Coiste agus an foghrúpa faoi deara go bhfuil athrú tagtha le déanaí ar an tslí a thagann daoine óga ar na meáin chraolta agus dhigiteacha, agus léiríonn figiúirí JNLR laghdú easpónantúil i líon na n-éisteoirí 15-24 bliana d'aois. Toisc go bhféadfadh go mbeadh ardáin eile lasmuigh de FM in ann an spriocghrúpa seo a mhealladh, moltar taighde cuimsitheach a dhéanamh d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar riachtanais agus mianta an sprioc-aoisghrúpa/lucht féachana ionchasaigh sula mbunófaí aon sheirbhís atá dírithe ar an aos óg. Phléigh Comhchathaoirligh an Choiste an fhéidearthacht atá ann comhthionscnamh taighde a mhaoiniú ina leith seo; ach níor socraíodh ar aon chinntí buiséadacha go fóill. **Tagraítear don tseirbhís mar sheirbhís 'hibrideach' mar faoi láthair, níl spás leordhóthanach ar an mbanda FM chun seirbhís nua a oibriú go hiomlán ar an ardán seo. B'fhéidir go mbeadh féidearthacht ann, áfach, do sheirbhís a chónaisceann craolachán digiteach agus FM. Tá an Coiste agus an foghrúpa den tuairim gur chóir taighde a dhéanamh sula mbunófar seirbhís óige d'fhonn an t-ardán (nó an meascán) is fearr a roghnú chun seirbhís den sórt sin a chur ar bun.*	the proposed youth service. Funding is a major pre-requisite to the establishment of a youth station; estimates of c.€1m have been made by other parties, and this relates to the 2RN cost of setting up an FM service (transmitter costs, etc), which would be the greatest cost involved. Any equipment, licensing, and day-to-day running costs would be additional to this, and it is presently unclear where such funding could be sourced. In addition, the Committee and sub-group have noted that young people's engagement with broadcast and digital media has changed in recent times, with JNLR figures reporting an exponential decrease in the number of listeners aged 15-24 years old. As there may be potential for other platforms outside of FM that could reach this target audience, it is recommended that comprehensive research be conducted in order to examine the needs and wants of the target age group/potential audience prior to the establishment of any youth-driven service. The Co-chairs of the Committee have discussed the potential for funding a joint research initiative in this regard; however no budgetary decisions have been made as yet. **The service is referred to as a 'hybrid' service because currently, there is not sufficient capacity on the FM band for a new service to operate fully on this platform. There may, however, be a possibility for a service that combines digital and FM broadcasting. The Committee and the subgroup are of the view that research should be carried out in advance of the establishment of a youth service in order to determine the best platform (or combination) on which to launch such a service.*

2. Forbairt bhreise ar acmhainní tacaíochta do chraoltóirí: **Aerthonnta/Eolaire** Aerthonnta: Tá Oireachtas na Gaeilge, a ghlac ceannas ar reáchtáil shuíomh gréasáin Aerthonnta ó Raidió na Life in 2019, ag forbairt an láithreáin ghréasáin chun é a thiontú ina acmhainn níos praiticiúla do chraoltóirí. Chuige sin, rinneadh taighde i measc craoltóirí (suirbhé / agallaimh) chun a dtuairimí ar thairbhe an láithreáin ghréasáin mar atá sé a mheas agus chun moltaí a lorg maidir leis na hacmhainní a d'fhéadfadh craoltóirí a úsáid. Cuirfidh torthaí an taighde bonn eolais ar fáil faoi ábhar agus leagan amach an láithreáin ghréasáin amach anseo. Leanfaidh an láithreán ag feidhmiú mar acmhainn don phobal, le liostaí cothrom le dáta de chláir Ghaeilge atá á gcraoladh ar fud na tíre gach lá. Bunachar sonraí Eolaire: Cruthaíodh riomh-aip ionas gur féidir le daoine atá líofa sa Ghaeilge atá ag iarraidh cur isteach ar phoist chraolacháin do chláir Ghaeilge clárú le Eolaire. Chomh maith leis sin, tá próiseas curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá cláraithe bailí go hiomlán. Tá tástáil curtha i gcrích ar an ngné seo d'Eolaire agus tá an tseirbhís fógraithe agus ag feidhmiú anois dóibh siúd ar mian leo clárú leis. Is féidir teacht ar Eolaire trí shuíomh gréasáin Aerthonnta. Is iad na chéad chéimeanna eile ná an córas logála isteach d'earcaitheoirí ag na stáisiúin éagsúla a úsáideann an eolaire a thabhairt chun críche agus earcaitheoirí a chur ar an eolas faoi chonas an leas is fearr a bhaint as an acmhainn. Tá na tionscnaimh thuas á maoiniú ag an BAI trí fho-bhuiséad Éagsúlachta (Gaeilge) Foghlaim agus Forbartha Earnála BAI.	**2. Further development of support resources for broadcasters:** **Aerthonnta/Eolaire** Aerthonnta: Oireachtas na Gaeilge, who took over the running of the Aerthonnta website from Raidió na Life in 2019, are developing the website to make it into a more practical resource for broadcasters. To this end, research has been conducted among broadcasters (survey/interviews) to assess their views on the usefulness of the website as it stands and seeking suggestions for resources that could be used by broadcasters. The research results will inform the content and layout of the website going forward. The site will continue to serve as a resource for the public, with up-to-date listings of Irish language programmes being broadcast throughout the country every day. Eolaire database: A program app has been created so that people who are fluent in Irish who want to apply for broadcasting jobs for Irish language programs can register with Eolaire. Also, a process has been put in place to ensure that the information registered is fully valid. Testing is complete on this aspect of Eolaire and the service is now advertised and operational for those who wish to register. Eolaire can be accessed via Aerthonnta. Next steps are to finalise the log-in system for recruiters at the various stations using the directory and to provide demonstrations to such recruiters on how to make the most of the resource. The above initiatives are funded by the BAI through the Diversity (Irish) sub-budget of BAI Sectoral Learning & Development.

Acmhainn foghlama Gaeilge do chraoltóirí In 2020, chuir an BAI méid beag maoinithe ar fáil don Choiste chun tacú le tionscnamh forbartha Gaeilge. Chomhaontaigh na baill an méid beag seo a úsáid chun cúrsa féin-rochtana ar líne a chur ar bun do chraoltóirí raidió. Faoi láthair tá Gaelchultúr ag cur bailchríoch ar dhearadh an chúrsa ar an suíomh gréasáin r-fhoghlama ranganna.com. Tá an acmhainn dírithe ar chraoltóirí raidió ar mian leo a gcuid scileanna a fhorbairt chun clár a chur i láthair trí mheán na Gaeilge. Is é aidhm an chúrsa cabhrú le craoltóirí Gaeilge níos cruinne agus níos nádúrtha a labhairt agus téarmaíocht cheart a úsáid. Díreoidh gach aonad den chúrsa ar ábhar difriúil, e.g., beannú don lucht féachana, amhrán / mír a chur i láthair. Beidh comhaid fuaime do gach téarma agus frása ar fáil mar chabhair fuaimnithe. Beidh an cúrsa ar fáil ar ranganna.com, ach beifear in ann é a leabú ar shuíomhanna eile freisin, e.g., Aerthonnta. Cé go mbeidh an cúrsa féin-mhúinte, tá an deis ann tuilleadh forbartha a dhéanamh amach anseo, mar shampla, foghlaim sa seomra ranga nó ceardlanna bunaithe ar an gcúrsa ar líne. Cuirfear an cúrsa ar fáil d'fhoghlaimeoirí i R1 2021. **3. Deiseanna Comhoibrithe agus comhroinnt acmhainní do chraoltóirí** Leanann RTÉ agus TG4 orthu ag obair i bpáirt le chéile d'fhonn tuilleadh deiseanna a fhorbairt chun ábhar clár Gaeilge agus nuacht a roinnt.Tá Raidío na Life ag fáil ábhar nuachta Gaeilge atá roinnte ó fhoinsí CSP i gcónaí, agus úsáidtear an t-ábhar seo chun cur leis an soláthar nuachta aige. Beidh níos mó ná 700 uair an chloig d'ábhar Gaeilge craolta ag RTÉ faoi dheireadh 2020. Tá fochoiste Gaeilge bunaithe ag Screen Producers Ireland agus tá sé ar intinn ag an bhfoghrúpa seo dul i dteagmháil le TG4 agus RTÉ chun prótacail a aontú maidir le comhroinnt clár áta déanta ag cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha, agus chun an coiste a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn sa bhliain amach romhainn.	**Irish-language learning resource for broadcasters** In 2020, the BAI made a small amount of funding available to the Committee to support an Irish Language development initiative. Members agreed to use this small amount to set up a self-access online course for radio broadcasters. Gaelchultúr are currently in the final stages of designing the course on the e-learning website ranganna.com. The resource is aimed at radio broadcasters who wish to develop their skills in presenting a programme through Irish. The goal of the course is to help broadcasters to speak more accurate and natural Irish and to use correct terminology. Each unit of the course will focus on a different topic, e.g., greeting the audience, introducing a song/an item. All terms and phrases will be accompanied by audio files as a pronunciation aid. The course will be available on ranganna.com, but it will also be possible to embed it on other sites, e.g., Aerthonnta. While the course is self-taught, there is potential for further development in the future, for example, classroom-based learning or workshops based on the online course. The course will be made available to learners in Q1 2021. **3. Cooperation opportunities and resource-sharing for broadcasters.** RTÉ and TG4 continue to work together in order to develop further opportunities for the sharing of Irish language programme and news content. Raidío na Life continues to receive Irish-language news content shared from PSB sources and uses this material to enhance its news bulletin content. RTÉ will have broadcast more than 700 hours of Irish language content by the end of 2020. Screen Producers Ireland have created an Irish-language sub-committee and there are plans for the sub-group to engage with TG4 and RTÉ to agree on protocols around content-sharing of programmes made by independent production companies and

Aoichainteoirí a rinne cur i láthair don Choiste le linn 2020

Mar a luadh thuas, bhí Dan Healy (2FM) agus Gearóid Mac Donncha (Raidió na Gaeltachta), ón ngrúpa forbartha do sheirbhís raidió Gaeilge don aos óg, i láthair ag cruinniú mhí an Mheithimh agus thug siad eolas don choiste ar ghníomhaíochtaí go dtí seo agus na spriocanna atá ag an ngrúpa don todhchaí. I Meán Fómhair, rinne Julian De Spáinn (Conradh na Gaeilge) cur i láthair a thug achoimre ar a dhearcadh ar Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge an BAI agus rinne moltaí maidir le cur chuige éagsúil don choiste agus d'iarr sé an t-eolas is déanaí ar thionscadail éagsúla. D'aontaigh an Coiste go gcoinneofaí Julian ar an eolas faoi thionscadail leanúnacha an Choiste. Ag cruinniú mhí na Nollag, rinne Dr John Walsh ó NUIG cur i láthair a thug achoimre ar dhréacht-thorthaí a thionscadail taighde ar úsáid na Gaeilge ar na meáin chraolta agus d'fhreagair sé ceisteanna. Tá súil ag John Walsh go mbeidh an tuairisc críochnaithe faoi Mí Mhárta 2021 agus é a sheoladh le linn Sheachtain na Gaeilge.

Nuashonruithe eile don Choiste:

Tionscadal Bailiúcháin Sonraí Gaeilge BAI: Cuireadh dréacht-tuarascáil faoi bhráid an choiste agus iarradh aiseolas ó na baill. Níor tháinig aon cheist chun cinn agus tá an tuarascáil á haistriú go Gaeilge faoi láthair. Foilseofar í ar shuíomh gréasáin BAI i R1 2021.

Foghrúpa don Ghaeilge - Media Literacy Ireland: Cuireadh an Coiste ar an eolas faoi bhunú foghrúpa MLI don Ghaeilge le déanaí. Tugadh cuireadh do bhaill an Choiste a bheith páirteach sa líonra.

to keep the committee updated on progress in the coming year.

Guest speakers who made presentations to the Committee during 2020

As mentioned above, Dan Healy (2FM) and Gearóid Mac Donncha (Raidió na Gaeltachta), of the development group for an Irish-language youth service for radio, attended the June meeting and updated the committee on previous activities of the group and its hopes for the future. In September, Julian De Spáinn (Conradh na Gaeilge) gave a presentation which outlined his perspective on the BAI's Irish Language Action Plan. He also suggested some approaches for the committee and requested updates on various projects. The Committee agreed to keep Julian informed on ongoing Committee initiatives. At the December meeting, Dr. John Walsh of NUIG gave a presentation which outlined the draft findings of his research project on the use of Irish in the broadcast media and answered any questions arising. John Walsh hopes to have the report completed by March 2021 and to launch it during Seachtain na Gaeilge.

Other updates to the Committee:

BAI Irish Language Data Collection Project: A draft report was presented to the committee and feedback was sought from members. No queries arose and the report is currently being translated and will be published on the BAI website in Q1 2021.

Media Literacy Ireland – Irish language subgroup: The Committee was informed of the establishment of MLI's recent subgroup for the Irish Language. An invitation was extended to members of the Committee to join the network.

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2020

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2020 REPORT

Cathaoirleacht: Beidh Michael O'Keeffe agus Éamonn Ó hArgáin ag éirí as mar Chomhchathaoirligh an Choiste. Beidh Fionnuala Murphy ina Chathaoirleach amach anseo ar son an BAI. Ceapfaidh Foras na Gaeilge Comhchathaoirleach nua in am trátha. **Ráiteas Deiridh le Michael O'Keeffe agus Éamonn Ó hArgáin** Agus muid ag fágáil slán ag an gCoiste, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na baill as a rannpháirtíocht leanúnach ag cruinnithe agus as a dtiomantas tionscnaimh an choiste a stiúradh. Is tríd an tacaíocht agus an comhoibriú leanúnach seo is féidir ábhar clár Gaeilge a chur chun cinn i measc craoltóirí agus a chothú sa todhchaí. Guímid gach rath ar na Cathaoirligh nua agus ar bhaill an choiste sa bhliain amach romhainn. **Michael O'Keeffe (BAI),** **Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge),** **Comhchathaoirligh an Choiste, 2020**	**Chairperson:** Michael O'Keeffe and Éamonn Ó hArgáin will be stepping down as Co-Chairs of the Committee. Fionnuala Murphy will chair future meetings on behalf of the BAI. Foras na Gaeilge will appoint a new joint Chairperson in due course. **Concluding Statement by Michael O'Keeffe and Éamonn Ó hArgáin** As we take leave of the Committee, we wish to thank the members for their ongoing engagement at meetings and their commitment to driving the initiatives of the committee. It is through this continuous support and co-operation that Irish language programme content can be championed among broadcasters and nurtured into the future. We wish the incoming Chairs and committee members every success in the year ahead. **Michael O'Keeffe (BAI),** **Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge),** **Committee Co-Chairs, 2020**